Nótaí don Dalta: Láimhseáil Sonraí

- Amharc ar na samplaí de bhunachair shonraí a thug do mhúinteoir duit. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith. Cuideoidh do mhúinteoir leat plean a dhéanamh de do bhunachar sonraí.

- Anois amharc ar an bhunachar sonraí a thug do mhúinteoir duit. Pléigh le do mhúinteoir é agus sainaithin na réimsí sa tábla.

- Cuir isteach sa bhunachar sonraí an t-eolas a fuair tú nó a thug an múinteoir duit. Seiceáil lena chinntiú go bhfuil gach iontráil mar is ceart.

- Úsáid an bunachar sonraí leis an chás a thug an múinteoir duit a leanúint. Mar chuid den chás seo athraítear taifead agus déantar ceist a reáchtáil a mbeidh tuairisc mar thoradh uirthi.

- Úsáid comhadainm le do bhunachar sonraí a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do chuid oibre a fhad is atá tú féin ag amharc ar a chuid oibre. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Láimhseáil Sonraí

- Amharc ar na samplaí de bhunachair shonraí a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith.

- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit. Pléigh le do mhúinteoir é agus sainaithin na réimsí a bheas de dhíth ort don bhunachar sonraí.

- Déan bileog bhailiú sonraí a dhearadh agus bailigh nó comhordaigh an t-eolas don bhunachar sonraí agat.

- Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí le do bhunachar sonraí a chruthú. Iarr cuidiú ar an mhúinteoir má tá cuidiú de dhíth ort.

- Cuir isteach an t-eolas a bhailigh tú agus seiceáil go bhfuil gach iontráil mar is ceart.

- Úsáid an bunachar sonraí leis an chás a thug an múinteoir duit a leanúint. Mar chuid den chás seo athrófar taifid agus déanfar ceist a reáchtáil a mbeidh tuairisc mar thoradh uirthi.

- Úsáid comhadainm le do bhunachar sonraí a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga do bhunachar sonraí comhlánaithe a úsáid. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Láimhseáil Sonraí

- Faigh samplaí de bhunachair shonraí agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.

- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit. Cruthaigh plean don bhunachar sonraí agat. Smaoinigh ar na daoine a bhfuil an bunachar sonraí dóibh, ar an eolas atá de dhíth orthu agus ar na réimsí agus na ceisteanna atá de dhíth. Úsáid teanga chuí bhunachar sonraí le tacú le do chuid pleanála.

- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama nuair atá tú ag pleanáil do chuid oibre agus ag déanamh eagarthóireachta air.

- Bunaithe ar do phlean, déan bileog bhailiú sonraí a dhearadh atá fóirsteanach leis an eolas atá de dhíth a thaifeadadh. Bailigh nó comhordaigh an t-eolas don bhunachar sonraí agat.

- Leag amach do thábla le cineálacha cuí sonraí agus sainaithin an t-eochair–réimse.

- Cuir isteach an t-eolas atá bailithe nó comhordaithe agat agus seiceáil go bhfuil gach iontráil mar is ceart. Leag amach na ceisteanna a sainaithníodh i do phlean.

- Le páirtí ranga, úsáid an cás le do bhunachar sonraí a thástáil. Úsáid aiseolas ón tástáil sin le hathruithe ar bith a dhéanamh, más gá.

- Sábháil do chuid oibre de réir mar a bhíonn tú ag dul ar aghaidh léi, ag úsáid comhadainmneacha ábhartha.

- Déan tagairt do do chuid nótaí taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do bhunachar sonraí éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é.

- Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe den bhunachar agat a gcuirfeá feabhas orthu, dá mbeifeá ag dearadh an táirge arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir seo ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: Láimhseáil Sonraí

- Faigh samplaí de bhunachair shonraí agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do bhunachar sonraí. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Agus do bhunachar sonraí á phleanáil agat, cuir san áireamh riachtanais an lucht éisteachta ar leith a bheas agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn duit bheith ag dearadh lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit agus cruthaigh plean do do bhunachar sonraí trí smaoineamh ar na daoine a bhfuil an bunachar sonraí dóibh, ar an eolas atá de dhíth orthu, agus ar na réimsí agus na ceisteanna (ilchritéir) agus teicnící bailíochtaithe atá de dhíth. Úsáid teanga chuí bhunachar sonraí le tacú le do chuid pleanála.

- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama nuair atá tú ag pleanáil do chuid oibre agus ag déanamh eagarthóireachta uirthi.

- Bunaithe ar do dhearadh, déan bileog bhailiú sonraí a dhearadh atá saincheaptha agus atá fóirsteanach le heolas a thaifeadadh. Bailigh nó comhordaigh an t-eolas don bhunachar sonraí agat.

- Leag amach do thábla nó do tháblaí le cineálacha cuí sonraí agus sainaithin an t-eochair-réimse

- Cuir isteach an t-eolas atá bailithe nó comhordaithe agat ag úsáid teicnící bailíochtaithe le sonraí a sheiceáil. Leag amach na ceisteanna a sainaithníodh i do phlean.

- Úsáid an cás le do bhunachar sonraí a thástáil le páirtí ranga. Déan nóta i do dhialann tionscadail de réimsí ar bith a bhféadfá níos mó forbartha a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiseas tástála arís go dtí go bhfuil do bhunachar sonraí críochnaithe chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat.

- Sábháil do chuid oibre de réir mar a bhíonn tú ag dul ar aghaidh léi, ag úsáid comhadainmneacha ábhartha. Comhbhrúigh do chuid comhad leis an spás stórála atá de dhíth ort a laghdú. Ligeann seo duit iad a roinnt go leictreonach le daoine eile.

- Nuair atá do bhunachar sonraí sábháilte agat, déan nótaí i do dhialann tionscadail a thugann cosaint den méid a chomhlíonann sé do chuid cuspóirí tosaigh. Déan tagairt ar leith don lucht éisteachta agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach raibh sé á gcomhlíonadh go hiomlán.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.